V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10652 – MOL / LOTOS PALIWA)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 236/07)

1. An 10 Meitheamh 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— MOL Hungarian Oil & Gas Public Limited Company ("MOL", an Ungáir),

— LOTOS Paliwa sp. z o.o. ("Lotos Paliwa", an Pholainn).

Gheobhaidh MOL urlámhas aonair ar an Lotos Paliwa ina hiomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is corparáid ola agus gáis chomhtháite i Lár-Oirthear na hEorpa (CEE) é MOL agus a eintitis chleamhnaithe, corparáid atá gníomhach i ndeighleoga na taiscéalaíochta agus an táirgthe ola agus gáis, an scagtha, na seirbhísí meánteachtacha, agus na seirbhísí tomhaltóirí (miondíol breosla). Déanann MOL peitriceimiceáin a tháirgeadh agus a dhíol freisin,

— Bainistíonn LOTOS Paliwa líonra de stáisiúin pheitril ar fud na Polainne faoin mbranda "Lotos".

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10652 – MOL / LOTOS PALIWA

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË